COLÁISTE FEIRSTE

Is é an t-aon iarbhunscoil lánGhaeilge i mBéal Feirste é Coláiste Feirste. Is scoil chuimsitheach í a fhreastalaíonn ar riachtanais gach ábaltachta. Tá sé tiomanta don tsíorfhorbairt agus don tsíorfheabhsú agus bíonn deiseanna maithe don fhorbairt ghairme ann.

Tá Coláiste Feirste ag lorg múinteoirí láncháilithe leis na hábhair seo a leanas a theagasc trí mheán na Gaeilge:
2 x Post bliana agus féidearthacht le conradh buan amach anseo
1. NUATHEANGACHA (Fraincis go háirithe)
2. TEICNEOLAÍOCHT

Riachtanach:

- múinteoir cáilithe, aitheanta ag GTCNI faoi Mheán Fómhair 2024
- ardchaighdeán Gaeilge
- céim san ábhar nó staidéar mar chuid de chéim (B.Oid. san áireamh)
- i gcás Teicneolaíochta, cáilíocht ábhartha eile nó taithí muna mbíonn céim san ábhar ag an iarrthóir)

Is féidir go gceapfaidh an Painéal gearrliosta d'fholúntais a tharlóidh taobh istigh de 6 mhí.

Ceapfar múinteoirí atá cumasach agus díograiseach agus a chuirfidh le fís agus éiteas Gaelach an Choláiste trí sheachadadh éifeachtach an churaclaim agus trí pháirt ghníomhach a imirt in imeachtaí seach-churaclaim.

Le tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil, glaoitear ar:

Coláiste Feirste
Guthán 028 90320707

nó is féidir foirm a iarraidh ar sheoladh ríomhphoist:-

cuidhomhnaill142@c2kni.net

nó a íoslódail ón tsuíomh idirlín:

www.colaistefeirste.org

Caithfidh foirmeacha iarratais bheith ar ais ag an Choláiste trí ríomhphost chuig info@colaistefeirste.belfast.ni.sch.uk roimh:

mheánlae Dé Luain 29 Aibreán 2024

Is fostóir comhdheiseanna Coláiste Feirste

Coláiste Feirste
Teach Ard na bhFeá
7 Páirc Radharc na bhFeá
Béal Feirste BT12 7PY
Fón: 028 90320707
www.colaistefeirste.org